Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 4

# An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais na Príomh-Oifige Staidrimh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €2.938 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Stiúrthóir. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath orthu sin agus ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus um thuairisciú rialta don lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena ngabhann buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú leanúnach é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca á fheidhmiú laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal i bhfeidhm.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam, agus go bhfuil oiliúint chuí curtha ar phearsanra na feidhme sin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá ann don Oifig bonn eolais faoina cuid oibre agus is ar an anailís sin a bhíonn a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa féin, bunaithe. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú rialta ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear de réir thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas ó thaobh ceannaigh de agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Oifig gach treoirlíne ábhartha ach amháin i gcás dhá chonradh neamhchomhlíontacha dar luach iomlán €78,557, mar atá leagtha amach thíos:

- Conradh amháin dar luach €51,600, a bhain le tar-rolladh gearrthéarmach conartha a bhí ann cheana. Bhí sé sin ag teastáil mar gheall ar mhoilleanna dosheachanta ar sheirbhísí a chur chun feidhme faoi chonradh iomaíoch nua.
- Conradh amháin dar luach €26,957, ar ina leith a bhí an athnuachan bhliantúil níos lú ná €25,000 ach a tabhaíodh caiteachas carnach ar mhó é ná an tairseach €25,000 a bhí ann cheana nuair a ceannaíodh uasghrádú riachtanach tráth níos déanaí sa bhliain.

Tá sé beartaithe ag an Oifig an cás seo a réiteach trí chur leis an ról maoirseachta agus comhlíonta atá ag an rannóg tacaíochta soláthair. Áirítear ar bheartais agus nósanna imeachta rialachais bainistiú réamhghníomhach saincheisteanna leagáide. Cuireadh córas comhtháite um bainistiú conarthaí i bhfeidhm in 2021 agus, le forbairt leanúnach an chórais, beidh infheictheacht níos mó ar chaiteachas ar chonarthaí agus ar spriocdhátaí ar feitheamh i gceist.

Tá sonraí tugtha ag an Oifig ar sheacht gconradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Oifig lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí, chomh maith leis na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Oifig agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an bord bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár dhá uair sa bhliain. Cuireann torthaí na n-athbhreithnithe sin bonn eolais faoi phleanáil agus leithdháileadh acmhainní chun a chinntiú go ndéantar na rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don bhord bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 i rith na bliana; áiríodh leis sin tionchair ar tháirgeadh staidrimh, rialuithe airgeadais agus próisis tacaíochta, ceanglais chun tacú le hoibriú ón mbaile agus folláine foirne, sábháilteacht fhisiciúil na mball foirne riachtanach ar an láthair a chinntiú, agus slándáil foirgneamh agus sócmhainní.

Ba é príomhfhócas na coda ba mhó de na 900 duine atá ar fhoireann na hOifige ar an gcéad dul síos ná leanúnachas gnó a chothabháil fad agus a bhí siad á n-aistriú chuig córas cianoibre. Cheangail úsáideoirí go díreach leis an ríomhaire deisce oifige atá acu, rud lenar éascaíodh cianrochtain shlán agus chobhsaí ar chórais na Príomh-Oifige Staidrimh agus lenar coisceadh aon laghdú ar bith ar rialuithe slándála. I rith 2021, thosaigh an Oifig ar ríomhairí glúine comhbhainistithe corparáideacha a thabhairt do gach ball foirne. Tugadh Microsoft Teams isteach chun cuidiú agus cur le comhoibriú agus le cumarsáid. Seoladh tionscadal freisin chun an bonneagar cianoibre a bhí ann cheana a uasghrádú agus bonneagar nua a chur ina áit chun acmhainn bhreise a chur ar fáil agus chun tacú le forbairtí amach anseo.

Leanadh le seiceálacha agus próisis airgeadais a dhéanamh lasmuigh den láthair, lena n-áirítear fíoruithe seiceálaí/athbhreithneora agus leithscaradh dualgas. Cuireadh próiseas sínithe leictreonaigh i bhfeidhm chun foirmeacha údaraithe íocaíochta sonraisc a chomhlánú. Tá na próisis agus na seiceálacha uile a bhí ann cheana féin fós á ndéanamh sula gcuirtear sonraisc faoi bhráid na Rannóige Airgeadais lena n-íoc.

Lean an Oifig den chlár oibre staidrimh bliantúil agus gach obair eile a sholáthar ó thimpeallacht a bhí bunaithe sa bhaile go príomha ar fud 2021 ar fad. Lean an Oifig de shaineolas staidrimh agus anailíseach agus seirbhísí nua sonraí a chur ar fáil chun tacú le freagairt an rialtais láir don phaindéim. Chomh maith le seirbhísí nua sonraí, chuir an Oifig sraith suirbhéanna, aschur agus formáidí nua ar fáil chun athruithe ar gheilleagar agus sochaí na hÉireann ó thús na paindéime a léiriú. Lean an Oifig de rochtain a fháil ar fhoinsí sonraí nua chun freastal ar an éileamh ar léargas ar thionchar na géarchéime ar ghnóthaí agus ar an tsochaí agus chun oibriú chun an rochtain ar fhoinsí nua a cuireadh ar fáil a dhaingniú agus chun torthaí breise nua a fhorbairt ó na foinsí sin. Lean an Oifig dá ról maidir le Maoirseacht Sonraí a fhorbairt agus de cháilíocht sonraí ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí a fheabhsú tríd an gclár iasachtaí, tríd an ról ceannaireachta maidir le Bonneagar Náisiúnta Sonraí (BNS), agus trínár Straitéisí Cáilíochta, Modheolaíochta agus Teicneolaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

**Pádraig Dalton**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

30 Márta 2022

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis An Phríomh-Oifig Staidrimh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Lúnasa 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

# Cuntas Leithreasa 2021

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Clár staidrimh bliantúil a sholáthar | 64,675 | 61,880 | 64,979 |
| | | **64,675** | **61,880** | **64,979** |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,520** | **1,663** | **1,469** |
| **Glanchaiteachas** | | **63,155** | **60,217** | **63,510** |

**Farasbarr**

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **2,938,409** | **2,179,548** |

**Pádraig Dalton**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

30 Márta 2022

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 48,028 | 45,275 |
| Neamhphá | | 13,852 | 19,704 |
| **Ollchaiteachas** | | **61,880** | **64,979** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 1,663 | 1,469 |
| **Glanchaiteachas** | | **60,217** | **63,510** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (4,493) | | |
| Dímheas | 1,580 | (2,913) | (7,304) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (587) | | |
| Méadú ar stoc | (46) | (633) | (576) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **56,671** | **55,630** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 8,816 | 8,888 |
| Measchíosanna | | 1,706 | 1,706 |
| **Glanchostas an chláir** | | **67,193** | **66,224** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 4 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,259 | 1,350 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 6,484 | 6,198 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 971 | 1,237 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 102 | 103 |
| | | **8,816** | **8,888** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 19,293 | 16,380 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 981 | 1,067 |
| Stoic | 2.3 | 144 | 98 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 1,968 | 1,495 |
| Ioncam fabhraithe | | 113 | 99 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 108 | 226 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 753 | 649 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **4,067** | **3,634** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 362 | 462 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,842 | 1,942 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,204** | **2,404** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,863 | 1,230 |
| **Glansócmhainní** | | **21,156** | **17,610** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.8 | **21,156** | **17,610** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 70,208 | 3,212 | 10,310 | 83,730 |
| Breiseanna | 334 | — | 4,159 | 4,493 |
| Diúscairtí | (239) | (6) | — | (245) |
| Aistrithe | 2,738 | — | (2,738) | — |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 73,041 | 3,206 | 11,731 | 87,978 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 64,262 | 3,088 | — | 67,350 |
| Dímheas don bhliain | 1,557 | 23 | — | 1,580 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (239) | (6) | — | (245) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 65,580 | 3,105 | — | 68,685 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **7,461** | **101** | **11,731** | **19,293** |
| | | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 5,946 | 124 | 10,310 | 16,380 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 979 | 1,065 |
| Mionairgead | 2 | 2 |
| | **981** | **1,067** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 99 | 87 |
| Ábhar inchaite TF | 18 | 11 |
| Dearbháin bhronntanais | 27 | — |
| | **144** | **98** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 1,568 | 1,344 |
| Poiblíocht an Daonáirimh | 227 | — |
| Réamhíocaíochtaí eile | 173 | 151 |
| | **1,968** | **1,495** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 26 | 162 |
| Caiteachais in-fhorchúitithe maidir le taisteal | — | 3 |
| Caiteachais in-fhorchúitithe faoin scéim pas taistil | 9 | 6 |
| Iarmhéid ar fionraí le hOifig na nOibreacha Poiblí | 51 | 38 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 22 | 17 |
| | **108** | **226** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 659 | 560 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 432 | 380 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 121 | 31 |
| Cáin bhreisluacha | 19 | 56 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 219 | 121 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 5 | 5 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 129 | 113 |
| | 1,584 | 1,266 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 183 | 186 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 75 | 490 |
| | **1,842** | **1,942** |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 2,938 | 2,180 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (3,691) | (2,829) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(753)** | **(649)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 981 | 1,067 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 108 | 226 |
| | 1,089 | 1,293 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,584) | (1,266) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (258) | (676) |
| | (1,842) | (1,942) |
| | **(753)** | **(649)** |

## 2.8 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 17,610 | 9,730 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 63,155 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (2,938 | | |
| Glanvóta | | | 60,217 | 63,510 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 8,816 | 8,888 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 1,706 | 1,706 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (67,193) | (66,224) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **21,156** | **17,610** |

## 2.9 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 7,121 | 9,162 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **7,121** | **9,162** |

## 2.10 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | 1 | 1 |

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhír ná uainiú na ndliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh ar fad ar Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh aicmithe mar chaiteachas riaracháin a chaitear ar chlár aonair: clár staidrimh bliantúil a sholáthar.

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 48,576 | 48,028 | 45,275 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,290 | 186 | 369 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,580 | 1,747 | 942 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,230 | 1,230 | 2,717 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 8,866 | 8,445 | 13,462 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,259 | 1,466 | 1,177 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 30 | 18 | 9 |
| viii | Bailiú staidrimh | 1,844 | 760 | 1,028 |
| | | **64,675** | **61,880** | **64,979** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €1.29 milliún; toradh €186,000*

Bhí an laghdú €1.104 milliún ar chaiteachas ar thaisteal agus cothú i gceist de bharr srianta taistil a d’eascair as paindéim Covid-19.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €1.58 milliún; toradh €1.747 milliún*

Bhí an méadú €167,000 ar chaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus ar speansais theagmhasacha i gceist de dheasca caiteachas breise ar phoiblíocht dhaonáireamh 2022.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €1.259 milliún; toradh €1.466 milliún*

Bhí an méadú €207,000 ar chaiteachas ar chostais áitribh oifige i gceist de dheasca caiteachas breise ar fheabhsúcháin oifige, obair a bhain le Covid-19 agus riachtanais oifige baile.

**viii Bailiú staidrimh**

*Soláthar meastacháin €1.844 milliún; toradh €760,000*

Bhí an laghdú €1.084 milliún ar chaiteachas ar bhailiú staidrimh i gceist de dheasca shrianta Covid-19. Bhí ar an Oifig an Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlach a chur siar.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ón Aontas Eorpach | 130 | 182 | 157 |
| 2 | Ilghnéitheach | 70 | 96 | 66 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 1,320 | 1,385 | 1,246 |
| | **Iomlán** | **1,520** | **1,663** | **1,469** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon fostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **898** | **853** |

### 5.2 Pá

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 44,103 | 41,620 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 280 | 228 |
| Liúntais eile [a] | — | — |
| Ragobair | 63 | 66 |
| ÁSPC an fhostóra | 3,582 | 3,361 |
| **Pá iomlán [b]** | **48,028** | **45,275** |

Nótaí
[a] De bharr athaicmiú liúntas i gCuntas 2021, rinneadh liúntais speisialta 2020 agus liúntais eile a athchumrú chun críocha comparáideacha.
[b] Is ionann figiúr an phá iomláin agus é sin i bhfo-mhírcheann A(i).

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2021** | **2020** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 59 | 2 | 14,419 | 13,206 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 13 | 1 | 10,846 | 11,232 |
| Liúntais eile | 1 | — | 40 | — |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 12 | 7 | 18,406 | 18,676 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €6,305 i rith 2021. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Ní raibh aon oifigigh ag fónamh taobh amuigh den Oifig ar feadh na bliana 2021 ar fad ná ar feadh cuid di agus arbh í an Oifig a d'íoc a dtuarastal leo.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 34 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh na bliana 2021 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí rialtais eile agus nach ndearna an Oifig a dtuarastal a fhorchúiteamh.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 45 | 82,554 | 114,143 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 21 | 48,395 | 30,346 |

Rinneadh sé phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach €13,076 i leith cúigir a aistriú chuig Ranna eile le linn na bliana.

## 5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, tá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal III, agus olltuarastal bliantúil €192,474 aige (€190,568 amhail an 31 Nollaig 2020).

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Faigheann an Oifig maoiniú i dtaca le tionscadail/suirbhéanna a dhéantar thar ceann Eurostat. I rith 2021, fuair an Phríomh-Oifig Staidrimh ioncam €182,452 ón Aontas Eorpach de bhun dhá chonradh. Bhain an dá chonradh le bailiú sonraí chun comparáidí paireachta cumhachta ceannaigh a éascú idir praghsanna príomhchathrach. Aithníodh an maoiniú sin mar leithreasaí-i-gcabhair in 2021.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn i rith na bliana**

| | **Éilimh arna ndéanamh ag:** | | **Iomlán** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **2021** | **2020** |
| Líon na gcásanna | 3 | — | 3 | 2 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | 9 | — | 9 | — |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne | | | | |
| Cúiteamh | 95 | — | 95 | — |
| Costais dlí | — | — | — | 14 |
| Costais eile | 2 | — | 2 | — |
| **Iomlán 2021** | **106** | — | **106** | **14** |
| Iomlán 2020 | 14 | — | 106 | — |

Nótaí [a] Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí na héilimh seo a leanas fós le híoc:

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Éilimh dhíobhála | 1 | 1 |
| Éilimh dhíobhála ag an obair | 6 | 5 |

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2021**

| | Éilimh arna ndéanamh ag: | | |
|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **daoine den phobal** | **Iomlán** |
| Líon na gcásanna | — | — | — |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | — | — |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne | | | |
| Cúiteamh | — | — | — |
| Costais dlí | — | — | — |
| Costais eile | — | — | — |
| **Iomlán** | — | — | — |